Márta 2017/QG6-V1 © QQI

Topaic-Shonrach

# Treoirlínte Reachtúla ar Dhearbhú Cáilíochta

## arna gcur i dtoll a chéile ag QQI ar son Soláthraithe Cláir

## Cláir Chéime trí Thaighde

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

# CLAR


Roinn 1: Buneolas agus Comhthéacs ..... 2
1.1 Cé lena mbaineann na treoirlínte seo? ..... 2
1.2 Cad é cuspóir na dtreoirlínte seo? ..... 3
1.3 Raon feidhme agus ábharthacht ..... 3
Roinn 2: Na Treoirlínte ..... 4
2 Rialachas agus Bainistíocht Cáilíochta ..... 4
2.1 Rialachas ..... 4
2.2 Acmhainní agus soláthar ..... 5
2.3 Dearbhú cáilíochta, breisiú agus feabhsú ..... 5
3 Monatóireacht Leanúnach ar Cháilíocht ..... 6
3.1 Úinéireacht ..... 6
3.2 Sonraí ..... 6
3.3 Nascacht sonraí le timpeallacht cáilíochta ..... 6
3.4 Mic léinn aonair a rianú ..... 6
3.5 Monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí agus ar shaincheisteanna ..... 8
3.6 Monatóireacht a dhéanamh ar chúrsaí measúnachta ..... 8
3.7 Comhpháirtíochtaí agus comhoibriú a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh orthu ..... 9
3.8 Athbhreithniú tréimhsiúil ..... 9
4 Comhpháirtíochtaí i gCláir Chéime trí Thaighde a Bhainistiú ..... 10
5 Mic léinn Taighde ..... 11
5.1 Tionscadal a aithint agus cúrsaí earcaíochta ..... 11
5.2 Clárú ..... 11
5.3 Bealaí chun Cinn agus aistrithe ..... 12
5.4 Freagrachtaí na mac léinn taighde ..... 12
5.5 Deiseanna do mhic léinn chun saincheisteanna a phlé ..... 12
6 Maoirseoirí agus Tionscadail ..... 14
6.1 Maoirseacht ..... 14
6.2 Maoirseoirí ..... 14
6.3 Deiseanna do mhaoirseoirí chun fadhbanna a phlé agus a réiteach ..... 15
6.4 Tionscadail taighde ..... 15
6.5 Saoráidí fisiciúla taighde ..... 16
7 Oiliúint agus Ullmhú do Ghairm ..... 17
7.1 Pleananna forbartha aonair ..... 17
7.2 Oiliúint scileanna ..... 17
7.3 Soghluaisteacht, comhdhálacha agus líonrú taighde ..... 17
7.4 Ullmhú do ghairm ..... 18
8 Measúnú ..... 19
8.1 Gnásanna agus critéir náisiúnta le haghaidh measúnú deiridh ar chéimeanna trí thaighde 19
8.2 Cineálacha measúnaithe ..... 19
8.3 Boird mheasúnaithe agus scrúdaitheoirí ..... 20
8.4 Torthaí agus athbhreithnithe ar mheasúnú ..... 21
8.5 Achomhairc ..... 22

# ROINN 1: BUNEOLAS AGUS COMHTHÉACS

Leagann an doiciméad seo amach na treoirlínte um dhearbhú cáilíochta (DC) arna mbunú ag Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) do gach soláthraí céimeanna trí thaighde agus seirbhísí gaolmhara. Is treoirlínte "reachtúla" iad na treoirlínte seo: Ní mór do QQI treoirlínte DC a fhoilsiú faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 (Acht 2012 sa doiciméad seo). Ceanglaíonn Acht 2012 freisin ar sholáthraithe "féachaint do" threoirlínte QQI um dhearbhú cáilíochta (DC) agus a gnásanna dearbhaithe cáilíochta féin á mbunú acu.

Forlíonann na treoirlínte seo *Croí-Treoirlínte DC Reachtúla* QQI a foilsíodh i mí Aibreáin 2016. Cé go soláthraíonn na Croí-Treoirlínte an treoir ghinearálta um dhearbhú cáilíochta a theastaíonn, dírítear sna treoirlínte sa doiciméad seo ar fhreagrachtaí sonracha na soláthraithe maidir le dearbhú cáilíochta na gclár céime taighde. Tá na freagrachtaí seo leagtha amach i dtéarmaí ginearálta in Acht 2012. Ba cheart do sholáthraithe cláir chéime trí thaighde féachaint, leis, do threoirlínte eile earnáil-shonracha agus topaic-shonracha QQI, de réir mar is cuí.

> Ba cheart na treoirlínte seo a léamh in éineacht le beartas QQI ar Threoirlínte DC. Forlíonann na treoirlínte DC topaic-shonracha seo na croí-threoirlínte DC.

## 1.1 CÉ LENA MBAINEANN NA TREOIRLÍNTE SEO?

Baineann na treoirlínte seo le gach cineál soláthraí a sholáthraíonn céimeanna trí thaighde ag leibhéil 9 agus 10 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC). Cuirtear ar fáil iad d'aird na soláthraithe a bhunaíonn gnásanna um dhearbhú cáilíochta faoi Acht 2012 agus dá n-úsáid. Athraíonn an comhthéacs dlíthiúil idir soláthraithe mar seo a leanas:

- Aithnítear ollscoileanna a bunaíodh roimhe seo agus Ollscoil na hÉireann (OÉ) mar ollscoileanna féinrialaitheacha agus ní mór dóibh féachaint do na treoirlínte maidir le DC agus a ngnásanna inmheánacha DC á bhforbairt.
- Ní mór d'fhorais cháiliúcháin eile, mar atá Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RCSI), Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT) agus institiúidí teicneolaíochta, féachaint do na treoirlínte DC sula gceadaíonn QQI a ngnásanna maidir le dearbhú cáilíochta.
- Soláthraithe neamhspleácha nó príobháideacha a sholáthraíonn céimeanna trí thaighde a thagann go deonach chuig QQI chun ceadú a lorg dá ngnásanna DC agus do rochtain ar dhámhachtainí taighde QQI. Ní mór do sholáthraithe den sórt sin féachaint do na treoirlínte DC sula gceadaíonn QQI a ngnásanna DC.
- Ní mór do sholáthraithe den sórt sin féachaint do na treoirlínte DC sula gceadaíonn QQI a ngnásanna DC.

Moltar do sholáthróirí a bhfuil baint acu le riar agus le seachadadh cláir chéime eile atá dian ar thaighde a bhfuil gnéithe suntasacha múinte iontu na treoirlínte seo a bhreithniú agus iad a chur i bhfeidhm chomh fada agus is cuí.

## 1.2 CAD É CUSPÓIR NA DTREOIRLÍNTE SEO?

**Ba chóir na treoirlínte seo a úsáid:**

- nuair a bhíonn beartais DC institiúideacha agus gnásanna do chláir chéime trí thaighde á ndearadh agus á n-athbhreithniú ag soláthraithe
- mar bhonn le ceadú QQI do ghnásanna ábhartha um dhearbhú cáilíochta an tsoláthraí (seachas d'ollscoileanna a bunaíodh roimhe seo)

**Níl na treoirlínte seo beartaithe:**

Le hordú a thabhairt faoin tslí ar chóir do sholáthraithe cláir chéime trí thaighde a oibriú nó faoin tslí ina mbunaíonn siad a gcuid gnásanna inmheánacha. Ina ionad sin, bítear ag súil go mbeidh córais inmheánacha um dhearbhú cáilíochta ag soláthraithe le haghaidh cláir chéime trí thaighde agus seirbhísí gaolmhara atá oiriúnach dá gcomhthéacsanna aonair agus lena n-áirítear meicníochtaí trína ndéantar monatóireacht ar éifeachtacht na gcóras sin.

Ceapadh na treoirlínte seo chun comhchaighdeán a sholáthar chun timpeallacht agus pobal taighde acadúil atá gníomhach agus tacúil a chur chun cinn agus a fheabhsú i ngach soláthraí a thairgeann céimeanna trí thaighde.

## 1.3 RAON FEIDHME AGUS ÁBHARTHACHT

Tá na treoirlínte seo dírithe go háirithe ar dhearbhú cáilíochta na gclár céime trí thaighde agus ar sheirbhísí gaolmhara agus dámhachtainí gaolmhara den Chéim Mháistreachta (trí Thaighde) agus de Chéimeanna Dochtúireachta.

# ROINN 2: NA TREOIRLÍNTE

## 2 RIALÚ AGUS BAINISTÍOCHT CÁILÍOCHTA

### 2.1 RIALACHAS

I gcomhthéacs na dtreoirlínte seo, ciallaíonn "rialú" gnásanna atá i bhfeidhm chun maoirseacht a dhéanamh ar gach gné de sholáthar clár céime trí thaighde. I gceist le gnásanna den sórt sin:

- tugtar cuntas soiléir ar bhealaí atá insroichte agus intuigthe don phobal
- bíonn ionadaithe na ndaoine sin is mó atá bainteach leis, lena n-áirítear maoirseoirí taighde agus mic léinn taighde agus baill foirne eile atá gníomhach i dtaighde agus atá lárnach don timpeallacht agus don phobal taighde
- bíonn daoine (beirt ar a laghad) atá inniúil agus oibiachtúil ó thaobh cinntí tábhachtacha a dhéanamh ar thionscadail taighde a cheadú, ar iontráil, dul chun cinn agus measúnú mac léinn, agus ar mheasúnú ríosca agus maolú riosca i dtaca le comhthéacs an staidéir thaighde.
- bíonn próisis formheasa foirmiúla maidir le gach togra taighde tosaigh ón gComhairle Acadúil/Coiste, Scoil Dochtúireachta nó Coiste Taighde na Dáimhe nó comhlacht nó próiseas foirmiúil eile
- féachtar do cheanglais atá ag athrú a bhaineann le heitic, ionracas taighde, in-atáirgtheacht eolaíoch, íogaireachtaí tráchtála agus dlíthiúla agus nithe amhail maoin intleachtúil a mbíonn tionchar acu ar thionscadail taighde tar éis iad a bheith tugtha chun críche
- bíonn feidhm leo i ngach cuid d'obair an tsoláthraí i gcás ina gcuirfidh gnásanna den sórt sin le comhsheasmhacht cháilíocht na gcéimeanna trí thaighde, agus sláine disciplíní á n-urramú ag an am céanna
- féachann siad d'aon cheanglais a d'fhéadfadh a bheith contrártha idir ceanglais pháirtithe leasmhara seachtracha agus comhlachtaí maoinithe agus gnásanna inmheánacha soláthraithe
- féachann siad d'inbhuanaitheacht na gclár taighde laistigh de réimsí foghlama

D'fhéadfadh oifigeach sinsearach sonraithe (cosúil le ceann/déan staidéar iarchéime) agus raon struchtúr riaracháin (m.sh. scoil taighde iarchéime nó oifig staidéir iarchéime) a bheith i gceist leis an gcóras rialachais seo.

Áirítear le gnásanna DC maidir le rialachas foráil do thosca ina roghnaíonn soláthraithe gníomhú i gcomhar le soláthraí inniúil taighde amháin nó níos mó, chun rialachas leordhóthanach, beartais agus gnásanna cuimsitheacha cothrom le dáta, cinnteoireacht oibiachtúil agus eolasach, agus seirbhísí agus tacaíochtaí riachtanacha a chinntiú do riarthóirí, maoirseoirí agus mic léinn taighde. Baineann na treoirlínte ar rialachas, atá leagtha amach sna Croí-Threoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta, le rialachas céimeanna trí thaighde agus le seirbhísí gaolmhara freisin.

## 2.2 ACMHAINNÍ AGUS SOLÁTHAR

Áirítear ar ghnásanna DC maidir le soláthar taighde do gach mac léinn taighde:

- maoirseacht ó thaighdeoir(í) atá cáilithe ar a laghad ag leibhéal na dámhachtana, le cumas léirithe chun ábhar bunaidh a chur leis an réimse ábhartha
- rochtain ar acmhainní daonna, fisiceacha, acadúla, faisnéise, oiliúna agus airgeadais chun tacú go hinbhuanaithe lena dtionscadal céime trí thaighde, agus chun a chur i gcrích i gcomhréir le hardchaighdeáin eiticiúla agus ghairmiúla a éascú
- rochtain ar shainchomhairle ar chúrsaí dlí agus tráchtála ar nós maoin intleachtúil, de réir mar is cuí

## 2.3 DEARBHÚ CÁILÍOCHTA, BREISIÚ AGUS FEABHSÚ

Aithníonn an soláthraí gur tosaíocht é monatóireacht agus feabhsú a dhéanamh ar cháilíocht an tsoláthair taighde. Déantar monatóireacht ar fud an tsoláthraí ina iomláine (monatóireacht tras-institiúideach) mar phríomhthosaíocht de na gnásanna monatóireachta atá i bhfeidhm. Tá an córas dearbhaithe cáilíochta do chláir chéime trí thaighde an tsoláthraí comhtháite, ina dhlúthchuid den chóras ginearálta inmheánach DC agus tá struchtúr agus cur chuige foriomlán ag an institiúid i leith cáilíochta chéimeanna trí thaighde a dhearbhú. Tá an córas ina dhlúthchuid de chultúr taighde na hinstitiúide. Trí na gnásanna DC do chláir chéime trí thaighde:

- cumasaítear baint amach na míreanna sin de mhisean agus de chuspóirí an tsoláthraí, a bhaineann leis na cláir chéime trí thaighde, lena n-áirítear ionracas acadúil agus taighde, agus caighdeáin inghlactha acadúla agus próisis éifeachtach
- cuirtear san áireamh rioscaí a thagann chun cinn i gcomhthéacs taighde a sholáthar. Cuirtear gnásanna i dtoll a chéile chun raon na rioscaí aitheanta agus na rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gcomhthéacs an tionscadail taighde a mhaolú. D'fhéadfadh rioscaí éagsúla a bheith i gceist, lena n-áirítear calaois, míchleachtas agus bradaíl; deacrachtaí le maoiniú tionscadal; saincheisteanna a bhaineann le maoirseacht neamhleor; dícheangal le comhpháirtithe taighde nó cliseadh ar chaidreamh oibre; eacrachtaí le tionscadail taighde a bhaineann le fostaíocht; folláine na mac léinn agus na foirne.

Tá gnásanna i bhfeidhm chun deis a thabhairt do gach duine a bhfuil baint acu le cláir chéime trí thaighde cur amach iomlán a fháil ar na gnásanna ábhartha DC. Comhtháthaítear an doiciméadú i dtaifead cuimsitheach de na gnásanna DC uile do chéimeanna trí thaighde agus do sheirbhísí gaolmhara. Tá gnásanna ar fáil agus intuigthe do chách lena mbaineann.

Chun críocha feabhsú cáilíochta, breisithe agus meastóireachta, tugtar aird chuí ar gach próiseas aiseolais agus féinmhonatóireachta, ar shonraí agus ar staitisticí ábhartha, agus ar thorthaí meastóireachtaí arna dtionscnamh go hinmheánach agus go seachtrach ar chláir chéime trí thaighde agus ar sheirbhísí gaolmhara.

Soláthraíonn na gnásanna deiseanna do mhic léinn taighde agus do chéimithe aiseolas a thabhairt ar a dtaithí agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na ngnásanna tacaíochta.

# 3 MONATÓIREACHT LEANÚNACH AR CHÁILÍOCHT

Cinntíonn gnásanna go ndéantar monatóireacht agus meastóireacht chórasach go rialta ar chláir thaighde ar fud na hinstitiúide.

## 3.1 ÚINÉIREACHT

Aithníonn gnásanna atá i bhfeidhm úinéireacht ar mhonatóireacht cháilíochta na gclár céime trí thaighde ag leibhéal bainistíochta an tsoláthraí agus ag leibhéal disciplíne araon.

## 3.2 SONRAÍ

Is é an soláthraí a bhainistíonn, ar leibhéal ard, bailiú sonraí a bhaineann le cláir chéime trí thaighde agus cinntí ar cad a thaifeadtar, conas a thaifeadfar é agus cé a dhéanfaidh an taifeadadh. Tá córais i bhfeidhm chun sonraí cainníochtúla ar chláir chéime trí thaighde a ghabháil agus a chothabháil. Tá rochtain ar bhunuimhreacha agus ar staitisticí ábhartha ar fáil do gheallsealbhóirí ábhartha.

## 3.3 SONRAÍ A NASCADH LE FEABHSÚ CÁILÍOCHTA

Tacaíonn an bhainistíocht le gnásanna maidir le húsáid sonraí, staitisticí, taifid agus torthaí athbhreithnithe a bhaineann le cláir chéime trí thaighde agus socraítear iad mar ghnásanna atá riachtanach le haghaidh rialachas éifeachtach agus dea-chinnteoireacht, measúnú riosca agus feabhsú leanúnach ar cháilíocht.

## 3.4 MIC LÉINN AONAIR A RIANÚ

Éascaíonn córais faisnéise na mac léinn taighde rianú scoláirí aonair trí gach céim den chlárú, den aistriú, den mhonatóireacht agus den scrúdú agus den mheasúnú. Déantar monatóireacht ar a rannpháirtíocht in oiliúint fhoirmiúil agus cuirtear aon smachtbhannaí atá i bhfeidhm maidir le neamhfhreastal in iúl roimh ré do mhic léinn.

Tá gnásanna iontaofa agus láidre i bhfeidhm chun monatóireacht agus rianú córasach a dhéanamh ar dhul chun cinn na mac léinn taighde d'fhonn aon cheisteanna a bhaineann le socruithe nó áiseanna maoirseachta sásúla nó deacrachtaí a bhaineann le mic léinn a oibríonn go cianda ón bpríomhchampas nó thar lear, mar shampla, a aithint.

Tá taifid ar gach ceapachán maoirseora agus scrúdaitheora ar fáil d'oifigigh a dhéanann cinntí ar ainmniúcháin nó deimhnithe maoirseoirí agus scrúdaitheoirí.

## 3.5 MONATÓIREACHT AR THREOCHTAÍ AGUS AR SHAINCHEISTEANNA

Tá gnásanna i bhfeidhm ar fud an tsoláthraí maidir le:

- monatóireacht a dhéanamh ar chomhsheasmhacht na gceanglas incháilitheachta a chuirtear i bhfeidhm ar fud an tsoláthraí lena n-áirítear gnásanna chun réamhfhoghlaim chreidiúnaithe agus neamhchreidiúnaithe a aithint
- monatóireacht chórasach ar threochtaí ar leibhéal an tsoláthraí i ndul chun cinn na mac léinn taighde, lena n-áirítear rátaí críochnaithe agus amanna chun dul ar aghaidh trí phríomhchéimeanna na céime trí thaighde
- taifeadadh agus anailís thréimhsiúil ar gach ceapachán maoirseora agus scrúdaitheora, lena n-áirítear minicíocht na gceapachán
- monatóireacht a dhéanamh ar ghairmeacha céimithe trí thaighde, chomh fada agus is indéanta

Lorgaítear agus taifeadtar aiseolas ó mhic léinn cláraithe, ó chéimithe agus ó mhic léinn nár chríochnaigh an cúrsa.

Forlíontar an t-aiseolas seo le haiseolas ó chomhoibritheoirí tionscail, fostóirí, gníomhaireachtaí maoinithe, urraitheoirí tionscadail, scrúdaitheoirí inmheánacha agus seachtracha agus baill foirne tacaíochta/riaracháin eile agus croí-chomhpháirtithe agus comhoibritheoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Cé go n-urramaítear rúndacht agus díth ainm, tá gnásanna i bhfeidhm chun faisnéis a thaifeadadh ar ábhair shubstainteacha a tharraingíonn mic léinn taighde agus daoine eile anuas, agus é mar chuspóir acu saincheisteanna leanúnacha athfhillteacha a eascraíonn as maoirseacht, scrúdú, saoráidí, cleachtais nó próisis taighde a aithint agus a réiteach.

## 3.6 MEASÚNÚ MONATÓIREACHTA

Tá na socruithe monatóireachta atá i bhfeidhm do mheasúnú céime trí thaighde láidir, foirmiúil agus á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an tsoláthraí do gach céim trí thaighde.

Déanann an soláthraí athbhreithnithe rialta ar éifeachtúlacht gnásanna measúnaithe, a bhaineann le mic léinn agus céimithe trí thaighde, lena n-áirítear:

- tagarmharcáil leo siúd a úsáidtear i soláthraithe taighde eile agus
- athbhreithnithe tréimhsiúla ar thráchtais taighde i ngach réimse ginearálta disciplíne/ taighde agus é mar chuspóir acu cáilíocht leanúnach na dtráchtas taighde a mheas agus ardchaighdeáin leanúnacha a chinntiú.

## 3.7 COMHPHÁIRTÍOCHT AGUS COMHOIBRIÚ A BHAINISTIÚ AGUS MONATÓIREACHT A DHÉANAMH ORTHU

Is gnéithe lárnacha de gach socrú comhoibríoch agus comhpháirtíochta le haghaidh clár taighde agus seirbhísí gaolmhara iad gnásanna maidir le monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach. Baineann siad seo le comhchaidreamh dámhachtana; socrúcháin oibre; seachadadh lasmuigh den champas; soláthar trasnáisiúnta; comhpháirtíochtaí fostóirí agus institiúidí léannta eile. Féadfaidh aon cheann de na comhpháirtíochtaí sin a bheith náisiúnta nó idirnáisiúnta.

## 3.8 ATHBHREITHNIÚ TRÉIMHSIÚIL

Tá gnásanna i bhfeidhm chun athbhreithniú a dhéanamh ar chláir chéime trí thaighde ag eatraimh nach faide ná cúig bliana. Ar na foirne athbhreithnithe bíonn saineolaithe idirnáisiúnta agus náisiúnta, ionadaithe fostóirí agus céimithe trí thaighde le déanaí. Tá an soláthraí sásta meastóireachtaí seachtracha a dhéanamh lena gclúdaítear a chláir chéime trí thaighde. Déantar torthaí réimsí monatóireachta agus athbhreithnithe institiúide a mheas ag leibhéal an rialachais institiúidigh. Déantar cinntí tráthúla ar fhreagraí agus ar bhearta cuí, agus déantar iar-obair maidir leo.

## 4 COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ I GCLÁIR CHÉIME TRÍ THAIGHDE A BHAINISTIÚ

I gcás céim trí thaighde a dhéantar i bhfoirm shocrú comhair, comhpháirtíochta nó urraíochta:

- Tá rochtain ag an soláthraí ar shainchomhairle ar chúrsaí dlí agus tráchtála a bhaineann le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta i ndlínsí eile.
- I measc na bpróiseas atá i bhfeidhm ag soláthraithe chun dul isteach i gcomhpháirtíochtaí den sórt sin tá gnáthghníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí sainráite díchill chuí mar a léirítear i Roinn 10.2 de na Croí-Threoirlínte Reachtúla DC.
- Tá comhaontuithe soiléire scríofa mar thaca leis an socrú.
- Cuirtear comhaontuithe scríofa i dtoll a chéile sula dtosaíonn aon mhac léinn taighde ar a gcuid staidéir agus ceadaíonn siad monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht na socruithe agus na ngnásanna atá i bhfeidhm.
- Cinntíonn an soláthraí dlíthiúlacht agus aitheantas aon dámhachtana comhoibríche agus tá rochtain aige ar an tuairim agus ar an bhfaisnéis shaineolach a theastaíonn.
- Tá faisnéis ar fáil do mhic léinn i gcás ina ndéanann soláthraí comhdhámhachtain taighde nó comhdhámhachtain eile. Cuirtear eolas dá leithéid ar fáil roimh thús na céime trí thaighde agus cuirtear in iúl do na mic léinn é roimh ré mar is cuí.
- Tá feidhm ag na caighdeáin, na riachtanais oiliúna agus na noirm do chláir chéime trí thaighde agus áirítear leo dearbhuithe foirmeálta ar leas agus folláine na mac léinn i ngach suíomh ina mbeidh siad.
- Tá maoirseoirí seachtracha, agus na timpeallachtaí taighde ina n-oibríonn siad, ar aon dul le caighdeáin arda eiticiúla, ghairmiúla leanúnacha agus sábháilteachta lena n-áirítear noirm maidir le riachtanais oiliúna. Tá socruithe i bhfeidhm chun feabhsú leanúnach a dhéanamh.
- I gcás ina ndéanann mic léinn taighde a dtionscadail ar champas nó in áitreabh de chuid eagraíocht chomhpháirtíochta, tá forálacha éifeachtacha i bhfeidhm maidir le hoiliúint, acmhainní, tacaíochtaí agus rochtain ar noirm de chuid an phobail taighde intleachtúil i gcoitinne. e.g. taithí mar theagascóirí nó mar thaispeántóirí.
- Cinntíonn an soláthraí go bhfuil socruithe i bhfeidhm le comhpháirtithe do chumarsáid rialta, éifeachtach, a chuidíonn le críochnú rathúil an tionscadail taighde ag teacht le dea-chleachtas taighde.
- Tá forálacha éifeachtacha i bhfeidhm a bhfuil feidhm acu i gcásanna ina bhfuil mic léinn taighde maoinithe ina bhfostaithe, leis, ag eagraíocht chomhpháirtíochta. Tá gnásanna dá leithéid soiléir agus éascaíonn siad comhaontú ar theorainneacha, mar shampla ar stádas mac léinn/fostaí maidir le gnásanna araíonachta agus casaoide, meastóireacht feidhmíochta, faomhadh eitice agus cúrsaí coinbhleachta leasa.

# 5 MIC LÉINN TAIGHDE

## 5.1 TIONSCADAL A SHAINAITHINT AGUS EARCAÍOCHT A DHÉANAMH

Tá eolas cuí, leordhóthanach agus cothrom le dáta ar fáil chun cabhrú le mic léinn roghanna eolacha a dhéanamh agus iad ag smaoineamh ar roghanna a bhaineann lena gcéim trí thaighde, ábhar tionscadail, maoirseoirí agus pleananna airgeadais. Tá gnásanna i bhfeidhm chun an fhaisnéis seo a bhunú agus a fhoilsiú.

Leagtar béim san fhaisnéis ar roghanna agus ar ghnéithe bunúsacha de gach bealach agus clár taighde i dtéarmaí:

- cad iad na réimsí taighde a chuirtear ar fáil (lena n-áirítear naisc le foirne acadúla ar leith),
- cad is féidir le mic léinn taighde a bheith ag súil leis ón gclár, ag cur béim ar na cuspóirí foghlama dúshlánacha agus ar shainriachtanais an chláir
- freagrachtaí ginearálta an mhic léinn, mar shampla, maidir le costais an chláir, an méid ama is dócha a theastóidh, oibleagáidí maidir le húinéireacht grúpa/comhúdarú tionscadail
- maoin intleachtúil agus réimsí gaolmhara.

Faisnéis ar nádúr uathúil na gcéimeanna trí thaighde, mar shampla, conas is féidir teaglamaí de mhic léinn-maoirseoirí-tionscadal a chur le chéile nó a fhorbairt agus riachtanais institiúideacha ábhartha eile. Áirítear leis seo faisnéis ar thacaíochtaí institiúideacha amhail infhaighteacht tacaíochtaí teagaisc sa Bhéarla.

## 5.2 CLÁRÚ

Taobh amuigh de ghnásanna a chlúdaíonn clárú ginearálta mac léinn (mar atá leagtha amach sna Croí-Threoirlínte Reachtúla DC), tá gnásanna i bhfeidhm do chlárú ar chláir chéime trí thaighde. Áirítear le gnásanna critéir iontrála soiléire do gach clár taighde ábhartha. Tá gach gnás ag teacht leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC).

Tá saineolas i bhfeidhm chun cáilíochtaí mac léinn intíre agus idirnáisiúnta a mheas mar fhianaise ar chomhlíonadh na gcritéar iontrála. Áirítear le cinntí maidir le hiontráil ar chlár na gcéimeanna trí thaighde infhaighteacht na sainmhaoirseachta agus gach acmhainn riachtanach eile.

Léiríonn gnásanna clárúcháin mar mhic léinn lánaimseartha nó pháirtaimseartha rannpháirtíocht i gcúrsaí staidéir, agus ní chuireann an soláthraí brú ar mhic léinn a chuireann isteach go mór ar a gcumas a dtionscadail taighde a dhéanamh go tráthúil.

## 5.3 DUL CHUN CINN AGUS AISTRIÚ

Tá gnásanna agus critéir ann a bhaineann le dul chun cinn agus aistriú do mhic léinn. Ina measc seo tá:

- gnásanna le haghaidh measúnú córasach foirmiúil ar dhul chun cinn a mbíonn foirne maoirseachta i gceist ann; oibiachtúlacht agus/nó inniúlacht a chinntiú trí shaineolaithe neamhspleácha a bheith rannpháirteach; agus foráil a dhéanamh do mheasúnú breise má iarrann maoirseoirí nó mic léinn é
- gnásanna trína leagtar amach gur forais chuí sa soláthraí a dhéanann na cinntí deiridh de réir rialacháin an tsoláthraí maidir le dul chun cinn mic léinn
- prótacail maidir le haistriú mic léinn ó sholáthraí eile mar a bhfuil tús curtha le taighde cheana féin
- próisis fhoirmiúla chun dul chun cinn na mac léinn chuig clár céime trí thaighde níos airde a bhainistiú, lena n-áirítear athbhreithniú neamhspleách ó shaineolaí agus critéir shainithe
- gnásanna chun déileáil le hábhair a mbíonn tionchar acu ar an fhaid a mhaireann tionscadal mac léinn, lena n-áirítear:
  – socruithe le haghaidh saoire mháithreachais, atharthachta, uchtála agus tuismitheora
  – mic léinn a aistríonn ó staidéar páirtaimseartha go lánaimseartha nó a mhalairt
  – socruithe chun tréimhse staidéir a chur ar fionraí
- gnásanna maidir le haistriú idir cláir chéime trí thaighde agus imeacht astu
- deiseanna leordhóthanacha do gach mac léinn ábhartha chun eolas a chur ar na gnásanna seo
- gnásanna chun gach cinneadh den sórt sin a thaifeadadh agus na doiciméid ábhartha a choinneáil

Tá gnásanna i bhfeidhm chun gur féidir athbhreithniú nó achomharc a dhéanamh ar chinntí ar dhul chun cinn agus ar aistriú. Tá saineolas cuí oibiachtúil i gceist leis an ngnás seo agus tá deis ann chun socruithe maidir le maoirseacht a athrú.

## 5.4 FREAGRACHTAÍ NA MAC LÉINN TAIGHDE

Tá gnásanna i bhfeidhm chun mic léinn taighde a chur ar an eolas faoina bhfreagrachtaí, mar shampla maidir le tiomantas, ionracas, eitic, tinreamh, caidreamh le maoirseoirí agus deiseanna forbartha, tuairisciú ar dhul chun cinn a dtionscadal taighde agus na ceanglais maidir leis na caighdeáin iomlána is gá chun dul chun cinn a bhaint amach.

## 5.5 DEIS DO DHALTAÍ CHUN CEISTEANNA A THARRAINGT ANUAS

Tá gnásanna i bhfeidhm chun cabhrú le mic léinn taighde saincheisteanna a bhaineann lena gclár taighde nó le seirbhísí gaolmhara a tharraingt anuas, agus chun gearáin a dhéanamh, lena n-áirítear líomhaintí faoi mhímhacántacht acadúil, leithcheal agus ciapadh.

Tá tacaíochtaí i bhfeidhm chun ligean do mhic léinn taighde leas a bhaint as comhairle rúnda, neamhspleách agus oibiachtúil maidir leis na gnásanna seo. Bíonn daoine aonair oilte a bhfuil taithí oiriúnach acu i gceist le tacaíochtaí den sórt sin agus réamh-mheastar raon féidearthachtaí maidir le rochtain ar thacaíochtaí den sórt sin.

Tá gnásanna i bhfeidhm chun faisnéis ábhartha a bhaineann le gearáin fhoirmiúla na mac léinn a bhailiú. Déantar gearáin a thaifeadadh agus a thuairisciú ar mhaithe le cáilíocht a fheabhsú agus dírítear ar threochtaí. I ngnásanna den sórt sin cosnaítear ainm agus rúndacht na mac léinn.

Tá gnásanna i bhfeidhm chun gníomhartha leantacha a chur i bhfeidhm nuair a sheastar le gearáin. Áirítear le gnásanna den sórt sin ábhair a bhaineann le deimhniú[1] cáilíochtaí agus soiléiríonn siad na gnásanna agus na critéir chun dámhachtain a tharraingt siar agus stádas dhoiciméid na dámhachtana agus ábhair eile a bhaineann le haschuir thaighde.

# 6 MAOIR AGUS TIONSCADAIL

## 6.1 MAOIRSEACHT

Tá gnásanna i bhfeidhm chun mic léinn céime trí thaighde a mhaoirsiú:

- sainmhínítear go soiléir comhdhéanamh na foirne maoirseachta, na cáilíochta, an taithí agus an oiliúint riachtanach a shainiú go soiléir, chomh maith le róil agus freagrachtaí gach baill
- a chinntiú go bhfaigheann mic léinn maoirseacht éifeachtach ar a gcuid taighde agus go bhfuil príomh-stiúrthóir acu ar ball foirne é de ghnáth agus a ghlacann freagracht iomlán as bainistíocht iomlán an dalta agus leibhéal cuí freagrachta as maoirseacht

Is freagrach i bpáirt é do mhaoirseoir/í, do roinn/scoil/aonad cuí taighde eile agus don soláthraí maoirseacht a dhéanamh ar gach mac léinn taighde.  Bunaítear go foirmiúil critéir agus prótacail le haghaidh socruithe a bhaineann le comh-mhaoirseacht, maoirseacht sheachtrach ar mheantóireacht agus róil chomhairleacha.

## 6.2 MAOIRSEOIRÍ

Tá gnásanna i bhfeidhm chun maoirseoirí a cheapadh/a bhunú:

- aithnítear gur ról gairmiúil é ról maoirseora agus gur gá don mhaoirseoir bheith ina thaighdeoir gníomhach sa réimse ábhartha agus scileanna agus inniúlachtaí ar leith maidir le maoirseacht a bheith aige
- áirítear leis freagrachtaí foirmiúla atá leagtha amach go soiléir, critéir maidir le cáilitheacht daoine a bhfuil róil ar leith acu san fhoireann mhaoirseachta, agus meicníochtaí trína gcinnteofar go gcuireann maoirseoirí iad féin ar an eolas fúthu seo

Cuirtear tacaí agus oiliúint struchtúrtha mar mhaoirseoirí ar chéimeanna trí thaighde ar fáil do bhaill foirne cáilithe atá gníomhach i gcúrsaí taighde de, agus i gcás maoirseoirí gan taithí, ceanglaítear orthu leas a bhaint astu seo ag céimeanna tosaigh na maoirseachta. Áireofar ar thacaí agus oiliúint rialacháin an tsoláthraí lena rialaítear an ghnáth-theagmháil le mic léinn agus oibriú na gclár taighde, measúnú, scrúduithe agus ionchais maidir le dearbhú cáilíochta.

Déantar foráil sna gnásanna do mhaoirseacht leordhóthanach a bheith leanúnach i gcásanna amhail cásanna ina mbristear maoirseoirí as a ról, ina mbíonn siad as láthair ar feadh i bhfad nó ina bhfágann siad fostaíocht an tsoláthraí.

1 Tá Treoirlínte DC do Dheimhniú leagtha amach sna Treoirlínte Earnáil-shonracha DC le haghaidh Forais Cháiliúcháin Ainmnithe (alt 6.1) agus sna Treoirlínte Earnáil-shonracha DC le haghaidh Institiúidí Teicneolaíochta (alt 6.1).

Maoirseoirí atá lasmuigh den soláthraí, tá teacht acu ar fhaisnéis agus ar oiliúint a bhaineann lena ról, freagrachtaí agus riachtanais institiúideacha le haghaidh an chláir chéime trí thaighde.

Tá gnásanna i bhfeidhm chun gach ról foirne leanúnach mar mhaoirseoir nó mar chomhalta d'fhoireann mhaoirseachta a thaifeadadh.

Aithnítear i ngnásanna atá i bhfeidhm maoirseacht taighde agus ballraíocht i bhfoirne maoirseachta mar rannchuidiú le hualaí oibre na foirne agus tá caighdeáin agus critéir chomhaontaithe, atá oiriúnach don chomhthéacs agus don disciplín, i bhfeidhm maidir le meáchain choibhneasta na ról éagsúil.

## 6.3 DEIS DON MHAOIRSEOIR SAINCHEISTEANNA A THARRAINGT ANUAS AGUS A RÉITEACH

Tá gnásanna i bhfeidhm chun maoirseoirí agus struchtúir mhaoirseachta eile a éascú chun:

- tacaíocht bhreise riachtanach a aithint agus a aimsiú do dhaltaí nuair is gá
- cleachtas oibre, stíl taighde nó easnaimh i gcleachtas oibre an mhic léinn, i stíl an taighde nó easnamh sa scríbhneoireacht i gcás ina mbeadh sásamh nó rabhadh foirmiúil de dhíth a aithint agus a réiteach
- bearta eile a chur i bhfeidhm a d'fhéadfadh a bheith riachtanach do mhic léinn, mar shampla, chun imeacht as an gclár, nó aistriú go clár eile
- aon saincheisteanna a bhaineann le maoirseacht ar mhic léinn, ar an gcampas nó lasmuigh de, a tharraingt anuas

## 6.4 TIONSCADAIL TAIGHDE

Tá gnásanna i bhfeidhm chun meicníochtaí maoirseachta a bhunú ionas go mbeidh na tionscadail taighde a aontaítear leis na mic léinn réalaíoch agus oiriúnach maidir le:

- leibhéal an chláir chéime
- taithí agus inniúlachtaí an phríomh-mhaoirseora (agus maoirseoirí eile)
- cáilíochtaí agus inniúlachtaí an mhic léinn taighde
- na saoráidí, na hacmhainní agus an oiliúint atá ar fáil ón soláthraí agus, más ann dóibh, in aon eagraíocht sheachtrach chomhoibríoch
- bearta atá beartaithe chun déileáil le haon teorainneacha maidir le háiseanna, acmhainní agus oiliúint atá ar fáil ar bhealach eile
- ceanglais eiticiúla agus sábháilteachta an tsoláthraí a chomhlíonadh

Tagraíonn gnásanna do dhéine eolaíoch agus don tslí a gcloítear leis. Cinnteofar trí dhéine eolaíoch go mbeidh dearadh, modheolaíocht, anailís, léirmhíniú agus tuairisciú torthaí urrúnta agus

turgnamhach atá láidir agus neamhchlaonta ann. Áirítear leis seo trédhearcacht iomlán maidir le sonraí trialacha a thuairisciú ionas gur féidir le daoine eile na torthaí a atáirgeadh agus a leathnú.

## 6.5 ÁISEANNA FISICEACHA LE HAGHAIDH TAIGHDE

Ciallaíonn gnásanna do shaoráidí fisiceacha le haghaidh cláir thaighde sonraíochtaí do riachtanais acmhainne an chláir (riachtanach mar chuid den chlár taighde agus ina chuid dhílis de) i gcás gach mac léinn taighde. Sainaithnítear riachtanais den sórt sin go luath. Tá rochtain ag mic léinn ar na hacmhainní agus ar mhaoin lena n-áirítear maoin intleachtúil, áitreabh, acmhainní TF, tacaíocht theicniúil agus riaracháin, ábhair, tomhaltáin agus trealamh, idir shainiúil agus bhunúsach agus cóiríocht a oireann don taighde (lena n-áirítear tráchtas a scríobh).

Má thacaítear le gnéithe den chlár nó má chuirtear ar fáil iad ag níos mó ná láthair amháin, comhlíonann gach suíomh go neamhspleách na riachtanais acmhainne a bhaineann go sonrach le suíomh, agus tá gnásanna i bhfeidhm chun acmhainní seachtracha eisláithreacha a úsáid mar chuid de chomhoibriú comhpháirtíochta.

# 7 OILIÚINT AGUS ULLMHÚ DON GHAIRM

## 7.1 PLEANANNA FORBARTHA AONAIR

Bunaítear pleananna forbartha aonair (m.sh. pleananna forbartha pearsanta) do gach mac léinn taighde. An mac léinn taighde agus a stiúrthóir(í) a chuireann na pleananna seo i dtoll a chéile agus a aontaíonn iad go luath tar éis an ionduchtaithe. Is slí é an próiseas trína mbunaítear an plean forbartha chun úinéireacht iomlán ar an bplean a thabhairt don mhac léinn. Athbhreithnítear gach plean de réir mar is gá le linn ré an chláir.

## 7.2 OILIÚINT SCILEANNA

Cuirtear oiliúint atá oiriúnach don fheidhm i scileanna taighde, scileanna cineálacha agus scileanna disciplín-shonracha ar fáil do mhic léinn taighde chun iad a chumasú lena dtionscadail taighde a chur chun cinn agus ar mhaithe lena bhfostú amach anseo, lena n-áirítear:

- seisiúin ar leith agus foinsí eolais do mhic léinn taighde ar bhradaíl, caighdeáin lua agus réimsí gaolmhara eile
- cuirtear cúrsaí agus gníomhaíochtaí a oireann do réimse/réimsí disciplíne an tionscadail taighde agus iad siúd a bhfuil baint níos dírí acu le tréithe na gcéimithe ar fáil chomh minic agus is cuí chun gur féidir le céimithe tabhairt fúthu ag céimeanna ábhartha
- tá eolas soiléir ar dheiseanna oiliúna ar fáil do mhic léinn agus do mhaoirseoirí
- bearta dearbhaithe cáilíochta láidre maidir leis an oiliúint a chuirtear ar fáil
- socruithe foirmiúla maidir le comhar idir institiúidí/soláthróirí chun rochtain ar acmhainní oiliúna a roinnt agus/nó a éascú

## 7.3 SOGHLUAISTEACHT TAIGHDE, COMHDHÁLACHA AGUS LÍONRÚ

Gnásanna chun soghluaisteacht taighde agus líonrú a éascú:

- deiseanna a uasmhéadú le gur féidir le mic léinn taighde taithí a fháil ar thimpeallachtaí taighde éagsúla, atá tairbhiúil chun teacht a fháil ar fhaisnéis ábhartha nó chun scileanna sonracha a shealbhú
- deiseanna a chur san áireamh le gur féidir le mic léinn taighde tuairisc a thabhairt ar obair atá ar siúl acu agus chun torthaí a chur i láthair, go hinmheánach agus go seachtrach, mar shampla, trí mheán cur i láthair
    - bhéal agus ar phóstaeir ag seimineáir, ceardlanna agus comhdhálacha agus in ailt in irisleabhair

- mic léinn a éascú chun teagmhálacha a dhéanamh agus chun "líonrú" a dhéanamh, mar is cuí, le daoine eile atá gníomhach i réimsí taighde comhchosúla, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta,
- socrúchán oibre/taithí mar theagascóirí/taispeántóirí/intéirneachtaí a éascú nuair is cuí

## 7.4 ULLMHÚ DO GHAIRM

Féachann an soláthraí, a sheirbhís gairmeacha agus maoirseoirí aonair le mic léinn taighde a chur ar an eolas faoi dheiseanna breisoideachais, roghanna réalaíocha gairme agus forbairt gairme fhadtéarmach. Is ábhair ábhartha iad roghanna maidir le gairmeacha amach anseo le plé le linn an ionduchtaithe, le linn plean forbartha aonair gach mic léinn a bheith á chur i dtoll a chéile agus, de réir mar is cuí, le linn seisiúin mhonatóireachta agus mheasúnaithe.

# 8 MEASÚNÚ

## 8.1 GNÁSANNA AGUS CRITÉIR NÁISIÚNTA LE HAGHAIDH MEASÚNÚ DEIRIDH AR CHÉIMEANNA TRÍ THAIGHDE

Tá treoirlínte measúnaithe leagtha amach sna Croí-Threoirlínte Reachtúla DC. Is gnásanna breise iad na gnásanna thíos chun céimeanna trí thaighde a mheasúnú.

Tá gnásanna chun céimeanna trí thaighde a mheasúnú ag teacht le tuairisceoirí cineáil dámhachtana an CNC do chéimeanna trí thaighde - tuairisceoir cineáil dámhachtana 'M' don chéim Mháistreachta; agus cineál tuairisceoir dámhachtana 'O' do Chéimeanna Dochtúireachta.

## 8.2 GNÉITHE DEN MHEASÚNÚ

I measc na ngnásanna measúnaithe do chéimeanna trí thaighde tá soiléiriú ar aschur taighde, (tráchtas níos minice ná a mhalairt, a chiallaíonn corpas comhleanúnach de mhionobair scríofa anseo ar thopaic ar leith a bhaineann go sonrach leis an mac léinn) ach d'fhéadfadh gur aighneacht scríofa a bheadh ann chomh maith le rogha páipéar, cleachtas feidhmíochta nó déantúsán taighde agus, i gcásanna áirithe, feidhmíocht i viva voce (scrúdú béil). Leagtar amach go soiléir na próisis chun an t-aschur taighde a chur isteach. Cuimsítear vice voce i gcónaí i measúnú do chéim dochtúra. Leagtar amach go soiléir na cúinsí eile ina mbeidh gá le viva voce, ina mbeidh ceann ar fáil ach é a iarraidh, nó nuair nach féidir ceann a chur ar fáil.

Tá gnásanna soiléire ann maidir leis an tionchar ar thoradh iomlán na meastóireachta ar an tráchtas agus ar fheidhmíocht an iarrthóra ag an viva voce más infheidhme.

### 8.2.1 TRÁCHTAIS TAIGHDE AGUS OBAIR THAIGHDE

Tá gnásanna soiléire ann maidir leis na formáidí éagsúla atá ar fáil do mhic léinn chun rannchuidiú taighde a ghabháil, ag teacht leis na noirm idirnáisiúnta sna disciplíní ina gcuirtear cláir ar fáil.

Sainaithnítear comhthéacsanna sonracha ina bhféadfadh formáidí seachas monagraf a bheith oiriúnach. Éascaíonn gach formáid cheadaithe measúnú i gcomparáid le caighdeán coibhéiseach.

Tá treoirlínte soiléire ar fáil do mhic léinn, do mhaoirseoirí, do scrúdaitheoirí agus do chomhaltaí boird scrúdaithe ar gach formáid, lena n-áirítear nithe atá le cur san áireamh agus é á roghnú, cén chéim ag ar féidir le mac léinn an fhormáid atá beartaithe a chur in iúl, cé atá in ann an fhormáid a cheadú, caighdeáin, fad agus cur i láthair agus gnásanna agus prótacail le haghaidh grinnfhiosrúchán na mac léinn ar a ndréacht-tráchtas ag baint úsáid as bogearraí cuí.

Tá gnásanna i bhfeidhm a cheanglaíonn ar mhic léinn aitheantas a thabhairt don mhéid a rinne daoine eile, más ann, sa tionscadal taighde.

Tá gnásanna i bhfeidhm chun an tráchtas a rochtain, a nochtadh, a scaipeadh agus a chur i gcartlann, tar éis na dámhachtana.

### 8.2.2 *VIVA VOCE*

Tá gnásanna soiléire i bhfeidhm chun scrúduithe cainte a dhéanamh ina leagtar amach:

- cé atá freagrach as dáta agus suíomh an scrúdaithe a shocrú agus a chur in iúl
- cén modh teagmhála atá ceadaithe
- an fhaid a mheastar a mhairfidh sé
- láithreacha inghlactha
- cé a fhéadfaidh a bheith i láthair, agus cé (i gcás duine ar bith seachas an mac léinn agus na scrúdaitheoirí agus an cathaoirleach neamhspleách) a fhéadfaidh cur leis, agus cad iad na tosca inar féidir é sin a dhéanamh
- na tosca, más ann dóibh, ina bhféadfar an scrúdú a dhéanamh le scrúdaitheoir in áit atá i bhfad ón mhac léinn, agus na coinníollacha maidir leis an tslí a ndéantar é sin

## 8.3 BOIRD MHEASÚNAITHE AGUS SCRÚDAITHEOIRÍ

Léiríonn gnásanna a bhaineann le boird measúnaithe/scrúdaithe do chéimeanna trí thaighde:

- cé hiad baill an bhoird mheasúnaithe (scrúdaitheoirí inmheánacha (más ann dóibh) agus seachtracha; cathaoirleach neamhspleách; agus daoine eile) agus na tosca ina bhféadfadh comhaltaí breise a bheith riachtanach (m.sh. cásanna inar gá an dara scrúdaitheoir seachtrach nó scrúdaitheoirí breise eile a cheapadh)
- ról agus freagrachtaí gach comhalta den bhord i gcomhthéacs gach gné den scrúdú lena n-áirítear tosca ina dtugtar aird ar leith ar thuairimí scrúdaitheoirí seachtracha i gcinntí measúnaithe deiridh agus i moltaí
- na socruithe agus na coinníollacha chun comhaltaí an bhoird a ainmniú agus a cheapadh go foirmiúil lena n-áirítear:
  - na cáilíochtaí a theastaíonn (m.sh. cáilithe de ghnáth ar leibhéal coibhéiseach CNC na dámhachtana atá á lorg ag an mac léinn taighde); an taithí a theastaíonn, agus an cineál gníomhaíochta taighde a bheidh ag teastáil (caighdeánach, leibhéal ábharthachta agus cé chomh déanach) a shainiú
  - iad siúd atá eisiata ó rannpháirtíocht sa mheasúnú; sainmhíniú a thabhairt ar an rud is coinbhleacht leasa ann, srianta ar athcheapacháin nó braislí ceapachán ó scoileanna, ranna agus aonaid taighde ar leith; cad atá i gceist le neamhspleáchas cuí ón mac léinn, ón tionscadal agus/nó ón institiúid
  - an critéar ar a meastar cad is brí le "seachtrach" nó "inmheánach" (glactar de ghnáth go gciallaíonn 'seachtrach' neamhspleách agus taobh amuigh den soláthraí)
  - cad iad na cáilíochtaí agus an taithí a theastaíonn ó na baill sin den Bhord nach bhfuil páirteach i scrúdú an mhic léinn (m.sh. an cathaoirleach neamhspleách)
- cá háit is féidir féachaint ar thaifid scrúdaitheoirí seachtracha arna gceapadh le haghaidh céimeanna trí thaighde, do gach réimse leathan acadúil/disciplíneach, agus ceapacháin nua

á mbreithniú

- conas a chuirtear iarrthóirí ar an eolas faoi chomhaltaí boird scrúdaithe féideartha sula gceaptar iad agus conas a thugtar deis dóibh ábhair imní a tharraingt anuas mar gheall ar ainmní féideartha
- meicníocht láidir chun a chinntiú go gceaptar scrúdaitheoirí de réir na gcoinníollacha agus na gceanglas sonraithe agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na ngnásanna maidir le ceapacháin agus na torthaí a theastaíonn

## 8.4 TORTHAÍ MEASÚNAITHE AGUS ATHBHREITHNITHE

Tá gnásanna soiléire ann maidir le torthaí measúnaithe agus athbhreithnithe agus fógraítear iad roimh ré:

- Déantar gach toradh féideartha ar mheasúnú agus ar scrúduithe céime trí thaighde a leagan amach go soiléir agus a chur in iúl do chách. Déantar idirdhealú soiléir idir torthaí ina dteastaíonn athscrúdú iomlán agus iad siúd ina n-éilítear athbhreithniú sonrach ar thráchtas, ach nach gá athscrúdú.
- Cuirtear in iúl roimh ré na hiarmhairtí do mhic léinn nach ndéanann athruithe iarrtha nó nach gcuireann obair cheartaithe isteach arís.
- Cuireann boird measúnaithe réasúnaíocht shoiléir agus ghonta in iúl d'iarrthóirí maidir le toradh a gcuid scrúduithe agus, i gcásanna ina bhfuil gá le hathbhreithnithe, tugtar sonraí cruinne d'iarrthóirí den mhéid a bheidh ag teastáil uathu.
- Sainmhíníonn an soláthraí na buntréithe íosta do na tuarascálacha a ullmhaíonn scrúdaitheoirí do bhord scrúduithe an tsoláthraí.
- Tá próiseas agus imlíne shoiléir ann le fíorú go ndearnadh ceartúcháin iarrtha agus gur leasaíodh tráchtaséantar an próiseas agus na hamlínte le haghaidh athscrúduithe a shainmhíniú go soiléir.
- • Tá socruithe i bhfeidhm chun déileáil le cásanna nuair nach ndéanann mic léinn céime trí aighde athruithe sonracha go sásúil, nó laistigh de thréimhse réasúnta, nó ina dteipeann orthu tráchtas a athchur isteach.
- Bunaíonn an soláthraí próisis chun déileáil le cásanna ina bhfuil easaontais idir scrúdaitheoirí.
- Forais chuí sa soláthraí a dhéanann cinntí deireanacha maidir le torthaí ar mheasúnachtaí céime trí thaighde, agus, nuair is cuí, maidir le dul ar aghaidh an mhic léinn go dtí bronnadh na céime, de réir rialacháin an tsoláthraí.
- Tá gnásanna i bhfeidhm chun déileáil le cásanna maidir le deimhniú  cáilíochtaí agus maidir le critéir chun dámhachtain a tharraingt siar, lena n-áirítear stádas dhoiciméid na dámhachtana agus gnóthaí eile a bhaineann le haschuir taighde.
-

## 8.5 ACHOMHAIRC

Tá meicníocht shainithe achomhairc ag an soláthraí atá ar fáil d'aon iarrthóir céime trí thaighde ar mian leis/léi achomharc a dhéanamh i gcoinne chinneadh a b(h)oird mheasúnaithe. Tá an cur síos ar an meicníocht seo soiléir, cuimsitheach agus ar fáil go héasca agus go hoscailte do mhic léinn agus don fhoireann.